# Ráiteas agus Polasaí a Thacaíonn le Litearthacht

Soláthraíonn Leabharlanna Comhairle Cathrach Chorcaí seirbhís a thacaíonn le litearacht a chur chun chinn. Tuigimid riachtanais litearthachta agus uimhearthachta ár núsáidirí, agus freastalaímid ar na riachtanais sin chomh minic agus is féidir linn. Bainfimíd úsáid as teanga so-thuigthe.

## Soláthrú seirbhísí a thacaíonn le litearthacht

Aithníonn Leabharlanna Comhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta ag a lán daoine fásta a bhaineann úsáid as ár seirbhísí.

Táimid ag obair d'fhonn:

- **Deireadh** a chur le constaicí litearthachta agus uimhearthachta roimh theacht ar ár seirbhísí agus iad a úsáid
- **Teanga** so-thuigthe a úsáid inár gcumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn
- **Deimhniú** go bhfuil eolas agus scileanna ag ár bhfoireann le seirbhís a thacaíonn le litearacht a chur chun chinn; agus
- **Measúnú** rialta agus **feabhsú leanúnach** ar ár seirbhís a thacaíonn le litearacht a chur i gcrích.